CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

# CAIRT EITICE NA HINTLEACHTA SAORGA [1]

## I. Comhthéacs agus cuspóir an doiciméid seo

Tá Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) tiomanta don Intleacht Shaorga (IS) a fhorbairt, a sheoladh agus a úsáid i gcomhréir le luachanna an Aontais, mar a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, chun intleacht shaorga dhuinelárnach agus iontaofa a chur chun cinn. Agus í ag déileáil le córais intleachta saorga, chloígh CBAE go dlúth leis na rialacha dlíthiúla is infheidhme, mar a leagtar síos, go háirithe, i Rialachán an Aontais maidir le Cosaint Sonraí [2] agus sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga [3], agus leanfaidh an Chúirt de bheith ag cloí leis na rialacha sin. Mar sin féin, ní hamháin gur cheart an intleacht shaorga iontaofa a bheith dleathach, ach ba cheart go mbeadh sí eiticiúil agus stóinsithe freisin, ó thaobh na teicneolaíochta agus na sochaí de araon [4].

Ar an mbonn sin, tá CBAE ag cur roinnt uirlisí a oibríonn leis an intleacht shaorga in úsáid de réir a chéile, chun cúnamh a thabhairt don Chúirt Bhreithiúnais agus don Chúirt Ghinearálta a bhfeidhmeanna breithiúnacha a chomhlíonadh. Táthar ag súil go bhfeabhsóidh na huirlisí sin éifeachtúlacht agus éifeachtacht na bpróiseas breithiúnach agus riaracháin agus go mbeidh an Chúirt níos inrochtana do shaoránaigh.

Tá roinnt rioscaí ag baint leis an intleacht shaorga nuair a chuirtear i bhfeidhm í ar ghníomhaíochtaí lena dtugtar tacaíocht d'fheidhmeanna breithiúnacha laistigh de CBAE. I measc na rioscaí sin, tá claontacht agus idirdhealú atá nasctha le húsáid sonraí neamhoiriúnacha nó éillitheacha, nochtadh faisnéise íogaire, lena n-áirítear sonraí pearsanta, cibirionsaithe, easpa inmhínitheachta agus, thar aon ní eile tábhachtach i gcomhthéacs gníomhaíochtaí breithiúnacha, róspleáchas ar theicneolaíocht ('róspleáchas ar an uathoibriú'). Mar thoradh ar an méid sin, d'fhéadfaí forbairt an chásdlí a reo, an aird a thugtar ar chórais dlí eile a laghdú, tús áite a thabhairt do cheannasacht cultúr dlíthiúil áirithe, agus difear a dhéanamh do chaighdeán cinntí breithiúnacha.

1 Ghlac CBAE an Chairt seo an 26 Eanáir 2026.

2 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

3 Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) (IO L, 2024/1689, 12.7.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj?eliuri=eli%3Areg%3A2024%3A1689%3Aoj&locale=ga). Cé gur tháinig an Gníomh um an Intleacht Shaorga i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2024, tá éagsúlacht sna dátaí ar a thiocfaidh a fhorálacha i bhfeidhm, ón 2 Feabhra 2025 go dtí an 2 Lúnasa 2027. A mhéid is féidir go praiticiúil, geallann CBAE na forálacha uile a chomhlíonadh láithreach, gan fanacht ar dháta oifigiúil a gcur i bhfeidhm.

4 Grúpa Neamhspleách Ardleibhéil Saineolaithe um an Intleacht Shaorga, Treoirlínte Eitice le haghaidh IS Iontaofa, 209.

Ní mór caighdeáin eiticiúla a leagan síos chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus chun a áirithiú go mbeidh smacht iomlán ag daoine, go háirithe Breithiúna agus Abhcóidí Ginearálta, ar nósanna imeachta breithiúnacha, agus a bhféinriail agus a neamhspleáchas á gcaomhnú.

Cuirtear in iúl sa Chairt seo [5] gealltanais CBAE i ndáil le húsáid eiticiúil uirlisí intleachta saorga arna bhforbairt nó arna seoladh laistigh den Institiúid. Tugann sé soiléireacht d'úsáideoirí laistigh den Institiúid, agus don phobal, maidir leis an gcaoi a bhfuil sé beartaithe ag an Institiúid oibriú. Tá sé ábhartha maidir le córais intleachta saorga a chruthú, a ghlacadh agus a úsáid ar feadh a saolré ar fad.

# II. Caighdeáin agus Bearta Eiticiúla atá beartaithe chun Intleacht Shaorga freagrach a chur chun cinn agus chun Rioscaí a Mhaolú

## A. Cothroime, Neamhchlaontacht, Neamh-idirdhealú agus Cearta Bunúsacha

Áiritheoidh CBAE go ndéanfar aon chóras intleachta saorga a chruthaíonn a sheirbhísí nó conraitheoirí atá ag gníomhú faoina rialú a dhearadh agus a chur chun feidhme i gcomhréir le prionsabail na cothroime, na neamhchlaontachta agus an neamh-idirdhealaithe, agus go n-urramófar cearta bunúsacha go hiomlán leis. Ar an gcaoi chéanna, agus córais intleachta saorga tríú páirtí atá le seoladh laistigh den Institiúid á roghnú aici, déanfaidh CBAE gach beart réasúnach, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, chun a áirithiú go gcomhlíonann na córais sin na prionsabail agus na cearta bunúsacha sin.

Maidir leis na tacair sonraí a úsáidtear chun córais intleachta saorga a oiliúint, a bhailíochtú agus a thástáil i gcomhthéacs CBAE, beidh siad ábhartha, ionadaíoch agus, a mhéid is féidir, saor ó earráidí, iomlán, comhsheasmhach agus cothrom le dáta. Déanfar gach iarracht réasúnta claontacht a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, a cheartú agus a mhaolú, claontacht a bhféadfadh idirdhealú a thoirmisctear faoi dhlí an Aontais a bheith mar thoradh uirthi, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don neamhchlaontacht nó a bhféadfadh aon tionchar diúltach eile a bheith aici ar chearta bunúsacha.

Chun rochtain chothrom a áirithiú, ní mór do chomhéadain agus córais intleachta saorga arna bhforbairt nó arna seoladh ag CBAE freastal ar riachtanais agus cumais éagsúla. Tá CBAE tiomanta do na bacainní a eascraíonn as éagothromaíochtaí san inniúlacht theicneolaíoch a íoslaghdú – bíodh sin i suímh oibre, in imeachtaí dlíthiúla, nó i rannpháirtíocht phoiblí le CBAE. Maidir le húsáid uirlisí intleachta saorga, cuirfear an t-ilchultúrachas agus an t-ilteangachas chun cinn, i gcomhréir le luachanna CBAE.

5 Cuireann an Chairt leis an Straitéis um an Intleacht Shaorga, arna glacadh an 19 Meitheamh 2023 agus a cuireadh ar fáil don phobal ar a suíomh gréasáin (https://curia.europa.eu/jcms/upload/docs/application/pdf/2023-11/cjeu_ai_strategy.pdf). Leagadh amach sa Straitéis na tairbhí a bhfuil coinne leo a bhaineann le huirlisí intleachta saorga a chur in úsáid, leagtar amach inti na prionsabail a bhfuil sé beartaithe ag CBAE samhail rialachais inmheánaigh iomchuí a leanúint agus bunaíodh inti, go háirithe, an Bord Bainistíochta um an Intleacht Shaorga, atá comhdhéanta de Chomhaltaí den dá chúirt chomh maith le hionadaithe an riaracháin.

## B. Trédhearcacht agus Inrianaitheacht

Ní bhainfidh CBAE úsáid as córais intleachta saorga ach amháin ar mhaithe le leas an phobail, chun a misean agus a cúraimí faoi Chonarthaí an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh, agus chun na críche atá beartaithe do gach córas agus chun na críche sin amháin. Déanfar cuspóir agus spriocanna sonracha gach córais intleachta saorga agus gach catagóire úsáide a shainaithint agus a dhoiciméadú go cuí.

Gheobhaidh comhaltaí agus foireann na Cúirte mínithe agus faisnéis mhionsonraithe maidir le feidhmiú uirlisí intleachta saorga. Tabharfar tuairisc intuigthe ar theorainneacha maidir le cruinneas na gcóras intleachta saorga.

Ní mór úsáideoirí a chur ar an eolas agus iad ag idirghníomhú le córas intleachta saorga. Déanfar ábhar arna ghiniúint ag intleacht shaorga gan fíorú a lipéadú amhlaidh má chuirtear ar fáil é do dhaoine seachas an t-úsáideoir a d'iarr go gcruthófaí iad.

Tabharfar eolas agus doiciméadú ar thacair sonraí agus ar phróisis a úsáidtear le haghaidh oiliúint chomhthéacsúil, atá ábhartha d'aschur córais intleachta saorga.

## C. Sláine an chórais agus rúndacht

Ní mór do chórais intleachta saorga a bheith stóinsithe go teicniúil agus oibriú ar bhealach sábháilte, slán agus iontaofa, le coimircí iomchuí, neart in aghaidh ionsaithe, cosaint ar úsáid mhailíseach, agus sásraí cúltaca éifeachtacha chun aon éifeacht dhíobhálach a chosc nó a theorannú.

Is gné bhunúsach agus shainiúil d'obair CBAE í an rúndacht. Chuige sin, tá gá le cur chuige an-aireach agus tomhaiste maidir le huirlisí intleachta saorga a chomhtháthú. Comhlíonfaidh gach úsáid intleachta saorga prótacail rúndachta, rialacha slándála inmheánaí agus caighdeáin cosanta sonraí na hInstitiúide atá ann cheana go hiomlán.

## D. Gníomhaireacht an Duine, Formhaoirseacht agus Cuntasacht

Laistigh de CBAE, ní mór do leithdháileadh na gcúraimí idir an intleacht shaorga agus daoine ról lárnach an duine a chosaint, feabhas a chur ar a gcumais agus formhaoirseacht dhaonna iomchuí a éileamh. Maidir le nósanna imeachta breithiúnacha, beidh smacht iomlán i gcónaí ag daoine, go háirithe Breithiúna agus Abhcóidí Ginearálta. Ní chuirfear freagrachtaí cinnteoireachta ar iontaoibh córas intleachta saorga.

Déanfar gach córas intleachta saorga a fhorbairt, a sheoladh agus a úsáid faoi mhaoirseacht an duine. Cuirfear sásraí agus prótacail láidre um rialú cáilíochta chun feidhme. Áireofar orthu sin rialuithe agus aiseolas ó úsáideoirí maidir le cáilíocht an aschuir. Maidir leo siúd atá freagrach as na rialuithe sin, tuairisceoidh siad aimhrialtachtaí agus botúin.

Ní mór d'úsáideoirí cur chuige criticiúil a ghlacadh i leith aschuir mheaisínghinte, a gcruinneas agus a n-iomláine a sheiceáil i ngach cás agus earráidí, saincheisteanna nó fiú amhras simplí a thuairisciú, d'fhonn fíoruithe breise a dhéanamh.

Déanfaidh CBAE freagrachtaí a shainiú agus a leithdháileadh sna céimeanna éagsúla d'fhorbairt, seoladh agus úsáid córas intleachta saorga agus bunóidh sí próisis lena ndéanfar faireachán ar a bhfeidhmiú agus lena gceartófar laigí agus teipeanna.

Déanfaidh CBAE cultúr fíoraithe sonraí a fhorbairt agus a úsáid, lena soláthraítear ráthaíochtaí éifeachtacha maidir le cruinneas, sláine, fírinneacht agus iontaofacht dhearadh, fhorbairt agus úsáid na hintleachta saorga.

Chun bearnaí cuntasachta a sheachaint, beidh sannadh inmheánach soiléir freagrachta as an doiciméad deiridh, nó táirge insoláthartha eile a tháirgtear le cúnamh intleachta saorga, ag gabháil i gcónaí le húsáid córas intleachta saorga. Is ar an duine aonair atá an chuntasacht as an táirge deiridh agus ní féidir í a aistriú chuig an gcóras intleachta saorga.

Déanfar tástálacha agus iniúchtaí rialta ar chórais intleachta saorga arna bhforbairt ag seirbhísí CBAE nó ag a conraitheoirí, chun claontachtaí agus easnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann a bhrath agus a cheartú agus chun caighdeán a n-aschuir a fheabhsú.

Tá an Institiúid tiomanta do chultúr úsáide na hintleachta saorga atá freagrach agus iontaofa a chur chun cinn trí oiliúint rialta agus tionscnaimh múscailte feasachta a chur ar fáil dá foireann.

Déanfar sásraí rialachais a athbhreithniú agus, más iomchuí, a oiriúnú, chun a áirithiú go leanfaidh siad de bheith oiriúnach dá bhfeidhm.

## E. Freagracht na Sochaí agus an Chomhshaoil

Tá CBAE ar an eolas faoina freagracht i leith na sochaí agus an chomhshaoil agus córais intleachta saorga á gcur in úsáid aici. Déanfaidh sé breithniú cúramach ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann.

Áiritheofar leis nach laghdóidh a seoladh an ghné dhaonna d'idirghníomhaíocht na saoránach le CBAE ná nach gcuirfidh sé leis an 'deighilt dhigiteach'.

Le forbairt, seoladh agus úsáid na gcóras intleachta saorga, féachfar le héifeachtaí díobhálacha ar an gcomhshaol a íoslaghdú, go háirithe i dtéarmaí fuinnimh agus tomhaltais uisce nó astaíochtaí $CO_2$. Tabharfar aird ar cé acu is féidir nó nach féidir roghanna a dhéanamh ag a bhfuil tionchar comhshaoil níos ísle.

## F. Feabhas leanúnach

Geallann CBAE coinneáil suas le forbairtí teicniúla, dlíthiúla agus eiticiúla.

Leanfaidh CBAE d'idirphlé leis na cúirteanna agus na húdaráis náisiúnta a chur chun cinn agus de pháirt ghníomhach a ghlacadh ann, maidir le húsáid na hintleachta saorga. Leanfaidh sé de chomhar idirinstitiúideach a chothú agus de bheith ag obair le hinstitiúidí breithiúnacha eile chun taithí a roinnt. Féachfaidh sé le dea-chleachtais a shainaithint agus a chur chun feidhme, agus páirt a ghlacadh sa díospóireacht acadúil agus shóisialta.

Breithneoidh an Bord Bainistíochta um an Intleacht Shaorga aiseolas ábhartha agus forbairtí teicneolaíochta, chomh maith le torthaí a shásraí athbhreithnithe foirmiúla féin, chun athruithe agus oiriúnuithe iomchuí ar an gCairt seo nó treoir mhionsonraithe maidir le saincheisteanna sonracha a mholadh.